



Liotúirge Mhí na Samhna

Is féidir na hacmhainní seo a úsáid maidir le Liotúirge an Bhriathair nó Liotúirge na hEocairiste a chruthú.

Cuireann díorma de dhaltáí fáilte roimh na cuairteoirí ón rang/scoil agus tugtar cuireadh dóibh an 'Leabhar Cuimhneacháin' a shíniú. Tugtar coinneal neamh-lasta an duine do na daltaí ar theacht isteach dóibh.

Lastar Coinneal na Cásca.

Iomann Tosaigh:
Ag Críost an Síol

Gníomh Aithrí:

A bhráithre agus a shiúracha, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne ionas go mb'fhiú sinn an liotúirge beannaithe a cheiliúradh.

Ceannaire: Cuireadh chugainn tú chun lucht an chroíbhruí a leigheas: A Thiarna déan trócaire.

Cách: A Thiarna déan trócaire.

Ceannaire: Tháinig tú chun na peacaigh a thabhairt chun aithrí: A Chríost déan trócaire.

Cách: A Chríost déan trócaire.

Ceannaire: Is tú atá i do shuí ar dheasláimh an Athar chun idirghuí a dhéanamh ar ár son: A Thiarna déan trócaire.

Cách: A Thiarna déan trócaire.

Liotúirge an Bhriathair:

An Chéad Léacht: Leabhar Íseáia (25:6-9)

Sliocht as leabhar Íseáia fáidh.

Ullmhóidh Tiarna na Slua ar an sliabh seo le haghaidh na gciníocha go léir; cóisir shaille, cóisir de rogha na bhfonta, de smior na saille, de thogha agus de rogha na bhfonta, agus tógfaidh sé ar shiúl an chaille bhróin a bhí ag clúdach na gciníocha go léir, agus an taisléine a bhí ag folach na náisiún uile; cuirfidh sé an bás ar ceal go deo.

Triomóidh Dia na deora de na gnúiseanna go léir; tógfaidh sé an milleán dá phobal agus den domhan uile; óir is é an Tiarna a dúirt é. Déarfai an lá sin: 'Breathnaigí, is é ár nDia é, a raibh muid ag dréim le slánú uaidh; is é an Tiarna é, a raibh muid ag dréim leis. Déanaimid gairdeas agus lúcháir mar gur shlánaigh sé sinn.'

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra: Salm 24 Freagra: Chugatsa a thógaim m'anam a Thiarna.

An Dara Léacht: Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh (8:31-35, 37-39)

Má tá Dia ar ár dtaobh, cé atá inár gcoinne? Nuair nár lig sé uaidh a mhac féin ach é a thabhairt suas ar mhaithe linne go léir, cén fáth nach mbronnfaidh sé gach grásta eile orainn ina theannta chomh maith? Agus cé a dhéanfaidh lucht tofa Dé a chúiseamh? Nuair atá Dia dár saoradh, cé a dhéanfaidh ár ndaoradh? An é Críost a dhéanfaidh é, an té a fuair bás agus a tógadh ó mhairbh, atá fós ar dheis Dé agus atá ag idirghuí ar ár son? Cé a scarfaidh ó ghrá Chríost sinn? Trioblóid an ea? nó cruatan, nó géarleanúint, nó gorta, nó nochtacht, nó guais, nó an cláiomh féin? Ach sna cúrsaí seo go léir, beirimid an bua go caithréimeach tríd an té úd a thug grá dúinn. Mar táim cinnte dearfa de nach bhféadfaidh bás ná beatha, aingil ná prionsaí ná cumhachtaí, nithe atá ann anois ná nithe atá le teacht, an domhan thuas ná an domhan thíos, ná dúil chruthaithe ar bith eile sinn a scaradh ó ghrá Dé atá in Íosa Críost ár dTiarna.

Briathar an Tiarna.



Gairm an tSoiscéil:

Seinn Alleluia (Mc Donagh)

v. Óir is é seo is toil leis an Athair a chuir uaidh mé, gach duine a fheiceann an Mac agus a chreideann ann, go mbeadh an bheatha shíoraí aige, agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach.

An Soiscéal: Soiscéal Naomh Eoin (14:1-6)

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Eoin.

“Ná bíodh buaireamh ar bhur gcoí: creideann sibh i nDia; creidigí ionamsa leis.

Is iomaí áras i dteach m’Athar. Mura mbeadh, d’inseoinn daoibh é.

Óir táim ag dul ag cur áite i gcóir daoibh, agus má théim agus áit a chur i gcóir daoibh, tiocfaidh mé arís agus tógfaidh mé sibh chugam féin; i dtreo, an áit ina mbeidh mise, go mbeidh sibhse chomh maith. Tá eolas na slí agaibh mar a bhfuilim ag dul.”

Dúirt Tomás leis: “A Thiarna, ní eol dúinn cá bhfuil tú ag dul agus cén chaoi is féidir dúinn eolas na slí a bheith againn?” Dúirt Íosa leis: “Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha.

Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa.”

Soiscéal an Tiarna.

Guí an Phobail

A bhráithre agus a shiúracha, cuirimid ár n-urnaí in airde ar son an phobail agus ar son an domhain. Guímid chun an Tiarna ar ár son féin agus ar son riachtanas na beatha:

1. Guímid ar son an Phápa Proinsias, ár nEaspag, baill an chléir agus ar son an phobail Chríostaí. Go dtuga an Spiorad Naomh an grásta dóibh an Eaglais a threorú agus a láidriú ar an mbealach ceart. A Thiarna éist linn.
2. Guímid ar son na Cuallachta: Deonaigh go spreagfaidh a gcuid saothar sinn le maireachtáil de réir luacha an bhunaitheora
A Thiarna éist linn.
3. Guímid ar son phobal na scoile. Deonaigh go mbeimid ag feidhmiú i gcónaí ar bhealach atá bunaithe ar an gcreideamh, an dóchas agus an grá.
A Thiarna éist linn.
4. Guímid ar son na dtuismitheoirí agus na seantuismitheoirí. Deonaigh go dtabharfaidh a gcuid grá agus a gcuid treoir; neart, sólas agus inspioráid dúinn.
A Thiarna éist linn.
5. Guímid ar son na muintire muirní atá ar shlí na fírinne. (Sos.) Go mbeidh sonas agus suaimhneas síoraí i dteannta Dé acu.
A Thiarna éist linn.
6. Guímid ar son an chairdis. Deonaigh go dtabharfaimid grá agus tacaíocht leanúnach dá chéile agus muid i dteannta a chéile ar aistear na beatha.
A Thiarna éist linn.

Sagart: A Dhia ár neart is ár gcoimirce, éist le hurnaí na hEaglaise. Is tusa foinse na deabhóide. Deonaigh go mbronnfar orainn gach a n-iarraimid go humhal dóchasach ort. Trí Chríost ár dTiarna.



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia



Machnamh:

Tugtar cuireadh do na daltaí teacht aníos agus a gcuid coinnle a lasadh ó choinneal na Cásca. D'fhéadfadh cinnirí áirithe a gcuid coinnle a lasadh i dtosach báire agus an lasair a scaipeadh uaidh sin ar na daoine óga eile. Leagtar na coinnle lasta i bhfoirm chroise ar an talamh nó ar bhord oiriúnach.

Ceol Eile:

1. *Is Beannaithe Tigh Dé*
2. *A Íosa Glan mo Chroíse*
3. *Regina Coeli (Traidisiúnta)*
4. *Is Maith an Bhean, Muire Mhór*
5. *Na Páistí (Máire Ní Bhraonáin)*
6. *A Mhuire Mháthair (Pokarekare Ana)*
7. *Ár nAthair (Seán Ó Riada)*
8. *Paidir na Tríonóide (Liam Lawton)*
9. *Tar Chugam a Spioraid Naoimh (Greagórach)*
10. *An tAifreann as Gaeilge - Canaimis*